AĊRANN IN ANAĠAIRE

(Ar lean. ó leaṫ. 2)

páistí a a ṫaḃairt leis ón tsráidḃaile s'agam-sa, naċ raiḃ troid ar biṫ i ḋiṫ orm. Ar an ḃomaite ḃuail sé mé ar an ḃéal agus ṫit mé ar an talaṁ. Fuair mé cic ar caol na láiṁe, agus ar an sceróg, agus b'éigein dom dul ċuig an doċtúir ar an Ċloċán Liaṫ. Tógaḋ suas mé, agus ṫug Antoine Ó Cearḃaill, múinteoir ón ċoláiste ṫar n-ais isteaċ go dtí an tsiopa mé. Ḃain mé an ḟuil de'm aġaiḋ, agus ṫug Antoine Ó Cearḃaill isteaċ an ḃróg a ċaill mé. Cúig nó deiċ bomaite na ḋéiḋ sin, ċuaiġ mé go dtí dor-as an tsiopa agus ċonaic mé Dónal Ó Domhnaill ag troid le mo ṁac Séamas. Ṫáinig Dónal agus ḃuail sé mé féin.

Dúirt Antoine Ó Cearḃaill gurb é fear eadaruiscin an fear a ba ṁeasa leis. Cúpla bomaite na ḋéiḋ sin. ṫáinig Dónall Ó Domhnaill isteaċ sa tsiopa agus ġlac sé leiṫscéal.

FEAR CÉILLÍ

An tUasal Ó Siotċáin—Nuair a ċonaic tú trioblóid ag teaċt, cad ċuige nár ċuir tú fá coinne na nGárdaí?

Síl mé gur fear céillí Gordon Mac Giolla Ḟinéin agus go stopaḋ sé an troid agus naċ mbeaḋ sé ag déanaṁ fáinne. Dúirt sé naċ eisean ag cur láṁa ar Gordon Mac Giolla Ḟinéin a ṫosaiġ an troid. Níor ḃuail sé Mac Giolla Ḟinéin uair ar biṫ, adúirt sé. D'féidir gur ċraiṫ sé é nuair a ḃeir sé greim gualainn air. Séan sé gur dúirt sé — socróiḋ muid é seo anseo anois. Nuair a ḃí sé ḋá ṫaḃairt isteaċ go dtí an siopa, ċonaic sé a ṁac agus Gordon Mac Giolla Ḟinéin ag troid.

NA LUÍ AR TALAṀ

Ṫug Antoine Ó Cearḃaill, O.S. as Na Maċaireaċa, Gaoṫ Doḃair, fianaise go raiḃ sé a' ṫeagasc sa ċoláiste i mí Iúil seo caite. Ḃí an troid ar obair nuair a ṫáinig seisean. Ní raiḃ cuiṁne ceart aige air. aċ ba ċuiṁin leis Mac Giolla Ḟinéin a ḟeiceáil 'na luí ar an talaṁ, agus ḃí cuma air go raiḃ sé i droċ ḋóiġ. Ḃí Ó Duḃṫaiġ agus Mac Guigan ar an talaṁ píosa beag ar siúl, agus iad ag carraíoċt lena ċéile. Ṫug seisean iarraiḋ iad a scaraḋ óna ċéile. Ṫóg sé duine éigin ón talaṁ ó ṁullaċ Mac Giolla Ḟinéin. Ṫóg sé Ó Duḃṫaiġ agus ṫug sé isteaċ as tsiopa é. I gceann tamaill, ċuir mé ciall ann, agus d'aontaiġ sé naċ raiḃ maiṫ ar biṫ in triod. D'iarr na gárdaí air ráiteas a ṫaḃairt, aċ níor ṫug sé.

Ag freagairt Ó Siotċáin, dúirt sé gur ċuiṁin leis am aṁáin. ag coinneáil an ḃeirt Ó Duḃṫaiġ ar gcúl. Ḃí aċan ḋuine ag troid ag an am sin. Ḃí imní ar Ḃean Uí Ḋuḃṫaiġ fána mac, agus a ḟearċéile. Ní ḟaca sé Mac Giolla Ḟinéin ag déanaṁ ionsaí uair ar biṫ.

Ag freagairt an Uasal Mac Suiḃne, dúirt sé go raiḃ sé ann nuair a rinne Dónal Ó Domhnaill leiṫscéal le Ó Duḃṫaiġ. Ċuir Ó Duḃṫaiġ ina éadan nuair a ḃí sé ḋá ṫaḃairt isteaċ sa tsiopa ar tús. Ḃí Séamas ionṫaċ tógṫa, gar a ḃeiṫ ar mire. Ḃí trioblóid idir na scoláirí agus buaċaillí na h-áite. Ní raiḃ trioblóid ar biṫ leis na múinteoirí, d'éiriġ sé as trioblóid leis na scoláirí. Fear ciúin a ḃí in Ó Duḃṫaiġ.

TREOR COSANTA

Ṫug Donnċa Mac Guigan, O.S. Cluain Eois, fianaise go raiḃ sé a' ṫeagasc sa ċoláiste agus de ṫairḃe trioblóid ar an 29ú Iúil. ṫug sé 13 de na scoláirí isteaċ 'na seomra féin agus dúirt sé leo scoláirí eile a ṫionlacan aḃaile ón ċéilí. Ṫug sé treoir díoḃa gan freagra a ṫaḃairt ar duḃšlán ar biṫ, aċ iad féin a ċosaint dá ndéanfaí ionsaí orṫa. Nuair adúirt cuid de na buaċaillí go m'féidir go mbeaḋ scian ag buaċaillí na h-áite, ṫaispeáin sé díoḃa an dóiġ lena láṁa a ċur suas le iad féin a ċosaint. Dúirt sé gur síl sé naċ mbeaḋ sceana ar biṫ ann. Ar feaḋ na míosa ḃí cúpla gearán fá rudaí a ṫárla. Ḃí Ceannfort na nGárdaí insan ċoláiste. Nuair a ċuaiġ siad ċuig an Sáirsint, dúirt sé naċ raiḃ mórán a ṫiocfaiḋ leis a déanaṁ. Ḃí siad a' ḃraṫ na scoláirí a ċur na ḃaile i ngrúpaí beaga an oíċe seo, aċ nuair a ṫáinig sé féin agus Mac Giolla Ḟinéin ṫar n-ais, ḃí an céilí ṫart, agus na páistí uiliġ imiṫe na ḃaile le ċéile. Ċuaiġ seisean le Antoine Ó Cearḃaill. go dtí teaċ Uí Ḃreaṫnaiġ, agus nuair a ṫáinig sé arais, fuair sé scaifte taoḃ amuiġ de siopa ag taḃairt duḃšlán faoina ċéile. Nuair a ċonaic sé Ó Duḃṫaiġ ag teaċt amaċ frid an scaifte agus a rá leis an Uas. Mac Giolla Ḟinéin—"Glanaigí liḃ as seo."

200 I GCIORCAL

Ḃí ṫart fá 200 ṫart i gciorcal ag an am, agus ní raiḃ fáinne ar biṫ ann. Nuair a ċur Ó Duḃṫaiġ a láiṁ ar Mac Giolla Ḟinéin dúirt Mac Giolla Ḟinéin leis a láiṁ a ṫógáil óna ċuid éadaí. Ḃuail S. Ó Duḃṫaiġ Mac Giolla Ḟinéin. Riṫ triúr nó ceaṫrar fear isteaċ ansin, agus nuair a ṫug Ó Duḃṫaiġ iarraiḋ dul sa troid, ḃeir seisean air, agus d'iarr sé air caill a ḃeiṫ aige. Ḃí sé ag iarraiḋ é ḃrú ar siúl. agus ṫripeáil an ḃeirt acu agus ṫit siad ar an talaṁ.

An tUasal Mac Meanmain — Naċ ndearna an t-Uaċtarán nó tú féin iarraċt ar biṫ leis na páistí ḟáil ar siúl?

Ní raiḃ troid ar biṫ.

Naċ raiḃ droċ ċuma air?—Ní raiḃ. Ṫáinig an trioblóid uiliġ nuair a ḃeireaḋ greim scornaí ar Mac Giolla Ḟinéin.

TEAGASCÓIR COSAINT SIḂIALTA

Ag freagairt an Uasal Ó Siotċáin, dúirt sé go raiḃ Ó Caoiṁ ar ḋuine de na buaċaillí ba ċiúine ag an ċoláiste, agus ní bully ar biṫ a ḃí ann. Ḃí sé féin na ḃaill de Ċomairle Co. Ṁuineaċáin, agus na ṫeagascóir Cosaint Siḃialta do Ċondae Ṁuineaċáin. An tUasal Mac Giolla Ḟinéin a ḃunaiġ an coláiste agus ḃí árd meas air. Ṫug sé aire dá graiṫe féin dá ligtí dó.

FIANAISE GÁRDA

Ṫug an Gárda Ó Duarcáin, Anagaire, fianaise, nuair a ṫáinig sé ansin go raiḃ scaifte mór cruinniú ann. agus an tsráid druidte ar fad. Ḃí cuid de na páistí ag scréadaí agus ċonaic sé muintir na h-áite ag coinneáil Dónal Ó Domhnaill siar. Ḃí tuilleaḋ ag coinneáil S. Ó Duḃṫaiġ siar. Laḃair sé le P. Ó Duḃṫaiġ agus Séamas, agus d'iarr sé orṫa dul isteaċ sa tsiopa. D'iarr sé ar Dónal Ó Domhnaill ciall a ḃeiṫ aige, agus dúirt seisean go raiḃ brón air, agus ġaḃ sé leiṫscéal le Ó Duḃṫaiġ ⁊ ċraiṫ siad láṁa lena ċéile. Ag an am seo, ḃí Mac Giolla Ḟinéin ar siúl ón áiṫ.

RÁITEAS UÍ DUḂṪAIĠ

Ġlac sé ráiteas ó Séamas Ó Duḃṫaiġ agus insan ráiteas sin dúirt Séamas Ó Duḃṫaiġ go raiḃ sé a' ḟreastal ar an céilí oíċe an 30ú lá, agus a' teaċt anuas an ḃealaċ ón ċoláiste leis an scaifte, casaḋ Gordon Mac Giolla Ḟinéin orṫa. stop sé an cárr agus ṗioc sé suas seisear do ḃuaċaillí na coláiste. Nuair a ḃí sé ag imeaċt, dúirt duine éigin—Slán leat, Gordon. Ṫáiniġ Gordon amaċ as an ċárr ansin agus d'iarr sé ar na buaċaillí teaċt amaċ leis. Lean siad síos an tsráid é go dtí taoḃ amuiġ den teaċ. Ċuir Gordon ceist orṫa an raiḃ siad ag aṁarc fá ċoinne troda, aċ níor ṫug duine ar biṫ freagra. Dúirt Ó Caoiṁ go dtroidfeaḋ sé seisear acu. Ġlaoċ Gordon air, agus ṫosaiġ sé a' gáirí. Ṡeas seisear acu amaċ, agus dúirt Gordon — déanfaimid fáinne. Rinneaḋ seo. Nuair a ċonaic sé a aṫair 'na luí ar an dtalaṁ agus Gordon 'na ṡeasaṁ os a ċionn rinne sé iarraiḋ ar Ġordon agus ṫosaiġ siad a' troid. Ċiceáil Gordon sa taoḃ é. Ḃeir sé greim coise air, agus ṫiṫ Gordon. Nuair a d'éiriġ Séamas, ċoinniġ cuid de na múinteoirí ar gcúl é. Ṫosaiġ an troid arís, aċ scaraḋ iad agus ċuaiġ Gordon arais ċuig an ċárr agus na ḃaile.

Dúirt Sáirsint Ó Gioraiġ, Anagaire, go ḃfuair sé dá ġearán ó údaráisí na coláiste faoi iompar buaċaillí na h-áite. Ḃí scoláirí na coláiste agus buaċaillí na h-áite béasaċ go leor.

RÁITEAS ṀIC GIOLLA ḞINÉIN

Ṫug an Gárda Ó Curráin fianaise go ndearna Mac Giolla Ḟinéin ráiteas gurb é Rúnaí agus Árd-Ṁáistir na coláiste é agus go raiḃ trioblóid le buaċaillí na h-áite ó ċuir siad an ċoláiste ar bun i 1962. Dúirt na gasraí leis go raiḃ muintir na háite ag cur duḃšlán orṫa agus ag piocaḋ troda astu. D'iarr sé orṫa na buaċaillí a ṫaispeáint dó a ḃí ag cur troda orṫa, sa gcaoi go dtiocfaḋ leis na h-ainmneaċa a ṫaḃairt do na Gárdaí.

Ṫáinig P. Ó Duḃṫaiġ amaċ as an siopa agus ḃeir sé greim muineáil air. D'iarr sé ar Ó Duḃṫaiġ é ligint ar siúl, agus ṫug sé buille sa láiṁ dó. Léim Séamas Ó Duḃṫaiġ air agus ḃuail sé san aġaiḋ é. Ṫosaiġ an scaifte uiliġ ag troid ansin. Ḃí ceaṫrar nó cuigear ag troid leis-san. Aċ, ní ṫiocfaiḋ leis ḟeiceáil cé ḃí ann. aċ Séamas Ó Duḃṫaiġ agus a aṫair. Leagaḋ ar an talaṁ é dá uair nó trí agus briseaḋ a ċuid gloiní. Milleaḋ a ċuid bristí agus ciceáileaḋ é, agus ḃí a aġaiḋ gearṫa. D'éigin don ḃanaltra cuairt a ṫaḃairt air sa ḃaile. Ba é S. Ó Duḃṫaiġ a ċiceáil é. Rinne sé gearán le Ó Duḃṫaiġ fána ṁac Séamas, agus rinne sé gearán leis an Sáirsint fá ḃuaċaillí na h-áite agus ṫug sé a gcuid ainmneaċa don Sáirsint. Tugaḋ na h-ainmneaċa céanna do Ceannfort na nGárdaí agus don sagart óg san áit, sular ṫosaiġ an trioblóid.

ÉILEAṀ ATURNAE STÁIT

Nuair a ċríoċnaiġ cós an Stáit dúirt Ó Siotċáin naċ raiḃ fianaise ar biṫ in éadan Mac Giolla Ḟinéin, ar ċeann ar biṫ de na cúiseanna, aċ, mar sin féin. go raiḃ Mac Giolla Ḟinéin sásta dul isteaċ sa ḃocsa. Ṫaispeáin iomlán fianaise an Stáit rud ar biṫ a rinne Mac Giolla Ḟinéin gur dá ċosaint a ḃí ann. Ba ṁór an náire é go tugaḋ fear dá ċéimiúlaċt agus dá ṡeasaṁ os coṁair na Cúirte insan ċás seo.

Dúirt an tUasal Mac Meanmain, ó ḟianaise an Uasail Uí Ḋuḃṫaiġ, a ḃí ina ḟianaise aonraice, go raiḃ prima facie cása le freagairt ag an Uasal Mac Giolla Ḟinéin.

FIANAISE RÚNAÍ NA COLÁISTE

Ina ḟianaise, dúirt an t-Uasal Mac Giolla Ḟinéin go raiḃ sé na léaċtaí ag Coláiste Iolscoile Ḃaile Áṫa Cliaṫ le h-oċt mbliana. agus nuair a ḃunaiġ sé coláiste Anagaire, go ḃfuair sé aiṫeantas iomlán ón Rialtas ⁊ ón Roinn agus go raiḃ Coláiste Anagaire ar ċeann ċoṁ maiṫ ⁊ a ḃí ann, agus gur ḋúirt Aire na Gaeltaċta é sin go poiblí. **Ba é coiste bainistíoċta na coláiste, ná an tAṫair Mac Ḟionnlaoiċ, S.P., Dónall Ó Domhnaill. a ḃeanċéile féin, P. Ó Raḃartaiġ agus Antoine Ó Domhnaill.**

Tógaḋ foirgneaṁ úr, agus b'iad seo na caoṁnóirí. Ṫug Aire na Gaeltaċta, agus Coṁaltas Uladh árd ṁolaḋ dó ina ċuid oibre. D'árdaiġ na h-uiṁreaċa a' freastal ar an ċoláiste ó 239 i 1962 go 535 i mbliana. Tugaḋ isteaċ os cionn 56.000 sa ċeantar seo i mbliana. Ḃíoṫar a' tógáil tiṫe úra don ċoláiste. Dúirt sé go raiḃ sé a ḃraṫ meánscoil a ḃunú in Anagaire do ṁicléinn ó gaċ cearn den tír. Ḃí roinnt trioblóide le buaċaillí na h-áite. Ḃí scaifte beag do ḃuaċaillí na h-áite ag taḃairt trioblóide do na buaċaillí. Ṫosaiġ an coláiste i 1962. Dúirt sé go raiḃ mion-trioblóid aige leis an Uasal Ó Duḃṫaiġ roiṁe. Dúirt sé faoi an rud a ṫárla taoḃ amuiġ den Ċafé naċ raiḃ faill acu scéala a ċur fá coinne na nGárdaí. D'iarr sé ar na scoláirí na buaċaillí a ḃí ag piocaḋ troda a ṫaispeáint dó, go dtaḃarfaḋ sé na h-ainmneaċa do na Gárdaí. Síl sé gur ċiceáil S. Ó Duḃṫaiġ é ina ṡeasaṁ agus ar an dtalaṁ arís. Dúirt sé naċ ndearna sé fáinne taoḃ amuiġ den Ċafé. Nuair a ċuireaḋ ceist air cé'n fáṫ nár ċuir sé na páistí aḃaile, dúirt sé go raiḃ smaċt aige air an scéal, agus naċ mbeaḋ trioblóid ar biṫ.

An tUas. Mac Meanmain — Naċ raiḃ droċ ċuma air? — Ḃí ḟios agam-sa goidé mar ḃí agus ḃí mé aḃálta é stopaḋ.

An dóiġ leat go raiḃ iomlán dá ndearna tú céillí? — Ḃí ḟios agam naċ maiṫ ar biṫ dul ċuig na Gárdaí gan ainmneaċa. Dúirt sé gurb é P. Ó Duḃṫaiġ a ċur tús leis an trioblóid uiliġ.

An tUas. Mac Meanmainn — Sílim naċ ḃfuil tú aonraice leis an Ċúirt — Sí an ḟírinne aṫá in gaċ focal aṫá mé a rá.

Ag taḃairt freagra ar an Uasal Mac Suiḃne, dúirt sé go raiḃ an tAṫair Mac Ḟionnlaoiċ ina ċaoḃnóir don ċoláiste go fóill.

FIANAISE ĊEANNṖORT

Ṫug an Ceannfort Ó Dúill fianaise go ndearna sé fiosrú fá gearán scríofa a rinne an tUasal Mac Giolla Ḟinéin, go luaṫ in mí Iúil, agus go ḃfuair sé liosta clóscríofa do ḃuaċaillí na h-áite a ḃí ag taḃairt trioblóide. Agus gearán gur ḃuaileaḋ múinteoir, an tUas. Ó Drisceoil ag triúr buaċaillí ón áit, aċ nuair a laḃair sé leis an Uas. Ó Drisceoil ṡéan sé gur ṫárla sé 'riaṁ.

D'ḟág an Ceannfort scéala i Stáisiún na nGárdaí go coinneófaí súil ar rudaí. Ḃéaḋ Gárda ag an ċéilí sa ċoláiste an oíċe ḋeireanaċ, aċ gur ċríoċnaiġ an céilí go luaṫ.

Scairt Ó Síoċán ar Deuglann Ó Foglú ar son an ċosantóra, agus ṫug Ó Foglú fianaise naċ raiḃ Seosaṁ Ó Caoiṁ ina bully, agus laoċ insan ċoláiste a ḃí ann. Ċonaic sé Mac Giolla Ḟinéin ag bualaḋ Séamas Ó Duḃṫaiġ indéiḋ go ndéarnaḋ ionsaí air ar an talaṁ agus gur ciceáileaḋ é.

Ṫug Tomás Ó Móráin agus Ḃreandán Spellman, múinteoirí insan ċoláiste fianaise fán smaċt dian a ḃí i ḃfeiḋm ansin.

Dúirt Ḃríd Ḃean Ṁic Giolla Ḟinéin, bean an ċosantóra, gur casaḋ Séamas Ó Duḃṫaiġ uirṫí níos moille an oíċe sin, agus gur ḋúirt sí leis gur ċeart dó náire 'ḃeiṫ air, agus gurb é an freagra a ṫug Séamas uirṫí—"Ṫug muid bualaḋ maiṫ do'n ḟear, agus ṫá lúṫáir orainn go dtug."

Dúirt Róise Ḃean Uí Ḃreaṫnaiġ, ar ġlaoḋ an tUasal Ó Siotċáin uirṫí fosta go raiḃ cuid ṁór trioblóide aici le micléinn na coláiste. Scrioḃ duine de na micléinn droċ litir fá dtaoḃ dí féin agus ċuir sí an litir ċuig an Uasal Mac Giolla Ḟinéin. Ġeall sé an buaċaill a ċur na ḃaile, aċ ċoinniġ sé i ḃgrolaċ i dteaċ é ar feaḋ dá lá. Ḃí na scoláirí trioblóideaċ. Nuair naċ raiḃ Gordon Mac Giolla Ḟinéin mór leis an tSagart, ní raiḃ sí a' ḃraṫ scoláirí a ċoinneáil, aċ, nuair a rinne siad socrú ṡocair sí na scoláirí a ċoinneáil arís. Ní ḟaca sí agus níor ċuala sí na buaċaillí ag an teaċ ar an 29ú lá do Iúil. Ag freagairt an Uasail Uí Ṡiotċáin. dúirt sí go raiḃ litir aici ó ṁáṫair an gasúra ag déanaṁ leiṫscéal dó.

Dúirt Séamas Ó Duḃṫaiġ indéiḋ a aṫair a ḃeiṫ ag caint le Gordon Mac Giolla Ḟinéin, go ḃfaca sé é ar an talaṁ agus é clúdaiṫe le fuil. Ṫarraing sé iarraiḋ ar Gordon, agus ḃí siad a' troid ar feaḋ deiċ mboméite. Fuair Gordon an ċuid a ba ṁeasa dó, agus ḃuail sé cic air. Níos moille, ḃuail Dónal Ó Domhnaill lena ḋorn é, agus ċuir sé in éadan an ḃalla é. Ḃuail Dónal a aṫair fosta. aċ rinne sé leiṫscéal 'na ḋéiḋ sin. Ní raiḃ seisean ag troid le buaċailli na coláiste. B'iad na cuistiméirí ab' ḟearr a ḃí acu iad. Ní raiḃ sé ag iarraiḋ troda an oíċe sin. Ní fear troda a ḃí ann. Ní raiḃ sé a' troid aċ uair aṁáin ó d'ḟág sé an scoil. Dúirt sé gur ḃuail Gordon Mac Giolla Ḟinéin cic air, agus é 'na luí ar an talaṁ. Ní ḋeaċa sé ariaṁ in aice le lóistín na gcailíní uair ar biṫ.

Ag tagairt don ċúis in éadan Mac Giolla Ḟinéin, dúirt an Giúistís:— Rinne mé nóta iomlán den méid a d'ḟéadfainn a rá a ḃí mar moll mór fianaise agus ṫá mé sásta ó ḟianaise an Uasal Mac Guagain agus na scoláirí gurb é Páoraic Ó Duḃṫaiġ agus a ṁac, Séamas, a ṫosaiġ an trioblóid. Níl mé sásta go ndearna Mac Giolla Ḟinéin ionsaí ar Páoraic nó Séamas Ó Duḃṫaiġ, agus ṫá mé ag dul ag ċaiṫeaṁ amaċ an dá ċúis ar an áḃar sin. Ṫá mé a' diúltú fosta é a ċur faoi ḃannaí. Ṫá mé sásta naċ raiḃ Mac Giolla Ḟinéin ag aṁarc fá ċoinne trioblóid an oíċe seo. Ṫá mé sásta go ndearna Séamas Ó Duḃṫaiġ ionsaí air.

Fuair an Giúistís Séamas ciontaċ insan ionsaí seo ansin agus dúirt, de ṫairḃe méid na gcostaisí £45-4-0 naċ gcuirfeaḋ sé aċ cáin 1s. air, agus go n-órdóḋ sé dó na costaisí a íoc.

Ar iarratas an Uasal Mac Suiḃne, socraíoḋ bannaí fá ċoinne ceist aṫċoiṁirce.

GLEANN DOIṀIN

Cuis broin i gceantar Ghleann Doimhin agus thart timpeall, go bhfuair Sean O Gallchobhair bas in Cill Aoibhinn, Co. an Duin. Ba as Gleann Doimhin e, agus le blianta fada bhi se ag obair insan ghluaiseacht naisiunta ins na Se-Chondaetha. Bhi baint aige le cuid mhor imeachtai soisialta agus cultura i gCo. an Duin. Chuaigh torramh an mhor ar fad leis, agus bhi bratach na dTri nDath ar an chonair. Thug Sean Lewis oraid as cionn na h-uaighe. Nithear comhbhron lena bhaintreach, Bean Ui Ghallchobhair, agus a chlann, Seamus, Mairtin agus Peadar, le Bean Ui Gallchobhair, Gleann Doimhin, a mhathair, agus lena gaolta uile.